| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Tá sé dorcha.<br>Níl sé dorcha.<br>An bhfuil sé dorcha?<br>Nach bhfuil sé dorcha? | It's dark.<br>It's not dark.<br>Is it dark?<br>Isn't it dark? |
| | Tá.<br>Níl. | Yes (is).<br>No (isn't). |
| | geal / dorcha<br>te / fuar / tirim / fliuch<br>scamallach / grianmhar / gaofar | bright / dark<br>hot / cold / dry / wet<br>cloudy / sunny / windy |
| **2.** | Tá an bord mór.<br>Níl sé beag. | The table is large.<br>It isn't small. |
| | mór / beag / trom / éadrom<br>glan / salach<br>blasta / gránna / milis / géar | large / small / heavy / light<br>clean / dirty<br>tasty / nasty / sweet / sour |
| **3.** | Cá bhfuil an foclóir?<br>Tá sé ar an mbord. | Where is the dictionary?<br>It's on the table. |
| | anseo / ansin / istigh / amuigh<br>ar an mbord / ar an bpláta<br>ar an urlár / ar an díon<br>faoin mbord / faoin mbosca<br>sa bhosca / sa chupán<br>sa mhála / sa chistin<br>sa bhaile | here / there / inside / outside<br>on the table / on the plate<br>on the floor / on the roof<br>under the table / under the box<br>in the box / in the cup<br>in the bag / in the kitchen<br>at home |
| **4.** | Cén dath atá ar an mbord?<br>Tá dath donn air. | What color is the table?<br>It's brown. |
| | dubh / bán / liath / donn / buí<br>gorm / glas / dearg / corcra / bándearg | black / white / gray / brown / yellow<br>blue / green / red / purple / pink |
| **5.** | Bhí sé dorcha.<br>Ní raibh sé dorcha.<br>An raibh sé dorcha?<br>Nach raibh sé dorcha? | It was dark.<br>It wasn't dark.<br>Was it dark?<br>Wasn't it dark? |
| | Bhí.<br>Ní raibh. | Yes (was).<br>No (wasn't). |
| **6.** | Bíonn sé dorcha.<br>Ní bhíonn sé dorcha.<br>An mbíonn sé dorcha?<br>Nach mbíonn sé dorcha? | It is (usually) dark.<br>It isn't (usually) dark.<br>Is it (usually) dark?<br>Isn't it (usually) dark? |
| | Bíonn.<br>Ní bhíonn. | Yes (usually is).<br>No (usually isn't). |

| | |
|---|---|
| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
| A: An bhfuil sé scamallach inniu? | Is it cloudy today? |
| B: Níl.  Tá sé te grianmhar. | No.  It's warm and sunny. |
| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
| A: An bhfuil an bord mór? | Is the table large? |
| B: Tá.  Tá sé mór. | Yes. It's large. |
| A: An bhfuil sé glan? | Is it clean? |
| B: Níl. Tá sé salach. | No. It's dirty. |
| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
| A: Cá bhfuil an leabhar? | Where's the book? |
| B: Tá sé sa bhosca. | It's in the box. |
| A: An bhfuil an bosca sa chistin? | Is the box in the kitchen? |
| B: Níl.  Tá sé ar an mbord. | No.  It's on the table. |
| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
| A: An bhfuil Seán sa bhaile? | Is John at home? |
| B: Tá.  Tá sé sa chistin. | Yes.  He's in the kitchen. |
| A: Níl sé ansin. | He's not there. |
| B: Tá.  Tá sé faoin mbord. | Yes [he is].  He's under the table. |
| **Comhrá 5** | **Conversation 5** |
| A: An raibh tú sa bhaile aréir? | Were you at home last night? |
| B: Ní raibh.  Bhí mé sa pháirc. | No.  I was in the park. |
| A: Nach raibh sé fuar? | Wasn't it cold? |
| B: Ní raibh.  Bhí sé te. | No.  It was warm. |
| **Comhrá 6** | **Conversation 6** |
| A: An mbíonn sé te in Éirinn? | Is it warm in Ireland? |
| B: Ní bhíonn.  Bíonn sé fuar fliuch. | No. It's cold and wet. |
| A: An bhfuil sé fliuch inniu? | Is it wet today? |
| B: Níl. Tá sé go deas inniu. | No.  It's nice today. |
| **Comhrá 7** | **Conversation 7** |
| A: Dia duit. | Hello. |
| B: Dia is Muire duit. | Hello. |
| A: Conas tá tú? | How are you? |
| B: Tá mé fuar. | I'm cold. |
| A: Tá sé fuar inniu. | It's cold today. |
| B: Tá, ach tá sé tirim. | Yes, but it's dry. |
| A: Ar mhaith leat cupán tae? | Would you like a cup of tea? |
| B: Ba mhaith, le do thoil. | Yes [I would], please. |
| A: Tá an tae sa chistin, ar an mbord. | The tea is in the kitchen, on the table. |
| B: An bhfuil sé te? | Is it warm? |
| A: Tá. | Yes. |
| B: Go raibh maith agat. | Thank you. |
| A: Fáilte. | You're welcome. |